

Snáithe Aontaitheach

Smaointeoireacht agus scileanna
tíreolaíocha a chur i bhfeidhm


Is Snáithe Aontaitheach é ‘Smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíocha a chur i bhfeidhm’, ina bhforbraítear an fhoghlaim ó choincheap na Feasachta Tíreolaíochta ón tSraith Shóisearach agus gnéithe comhthéacsúla próiseas, patrún, córas agus scála; scileanna tíreolaíocha; agus inbhuanaitheacht. Tacaíonn an Snáithe Aontaitheach leis na scoláirí a neolas disciplín a fhorbairt, lena n-áirítear a dtuiscint ar thréithe an eolais thíreolaíoch agus ar an gcaoi a ngintear sin agus an chaoi a gcuirtear in iúl é trí fhiosrúchán. Cuirfidh na scoláirí na torthaí foghlama atá leagtha amach sa Snáithe Aontaitheach i bhfeidhm ar bhealach comhtháite le linn a bhfoghlama sna trí shnáithe chomhthéacsúla: **Snáithe 1:** An timpeallacht fhisiciúil, **Snáithe 2:** An timpeallacht dhaonna, **Snáithe 3:** An timpeallacht dhomhanda. Tríd an bhfoghlaim ar a dtugtar breac-chuntas sa Snáithe Aontaitheach, forbróidh scoláirí tuiscint ar luach agus tábhacht na smaointeoireachta tíreolaíche, agus ar an mbealach a bhféadfadh an tíreolaíocht cur le tuiscint a fháil ar dhúshláin eacnamaíocha, timpeallachta agus shóisialta agus freagairt orthu. Forbróidh siad a gcuid scileanna grafachta tuilleadh, ceapfaidh siad ceisteanna, beidh siad páirteach i nginiúint sonraí agus faisnéise; agus forbróidh siad planáil, déanamh, measúnú agus cur in iúl mar chuid dá bhfiosruithe tíreolaíocha.

Snáithe 2

An timpeallacht dhaonna

I **Snáithe 2**, díríonn na scoláirí ar phríomhghnéithe na geografaíochta daonna lena n-áirítear lonnaitheacht dhaonna, daonra agus imirce. Glacfaidh na scoláirí páirt san fhoghlaim sa snáithe seo trí na suíomhanna a shonraítear sa tábla thíos agus trí shuíomhanna ábhartha áitiúla, Éireannacha, idirnáisiúnta agus/nó domhanda eile, mar is cuí. Le linn a staidéir ar **Shnáithe 2**, tiocfaidh na scoláirí ar na torthaí foghlama atá leagtha amach sa Snáithe Aontaitheach agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ar bhealach comhtháite. I Snáithe 2, déanann na scoláirí a n-áiteanna áitiúla agus náisiúnta a mheas, lena n-áirítear tionchar áite ar ghníomhaíocht an duine, chomh maith le freagairtí inbhuanaithe ar na dúshláin atá roimh lonnaitheachtaí tuaithe agus uirbeacha in Éirinn. Le **Snáithe 2**, éascaítear foghlaim na scoláirí freisin maidir le méid, dáileadh agus saintréithe an daonra. Faigheann na scoláirí feasacht ar chastacht na himirce, ar na tosca sóisialta, eacnamaíocha agus timpeallachta ag a mbíonn tionchar ar an imirce, agus ar thionchair na himirce.

Forbhreathnú ar na snáitheanna



Snáithe 1

An timpeallacht fhisiciúil

I Snáithe 1, díríonn na scoláirí ar phróisis agus córais fhisiciúla, agus idirghníomhaíochtaí daonna. Glacfaidh na scoláirí páirt san fhoghlaim sa snáithe seo trí na suíomhanna a shonraítear sa tábla thíos agus trí shuíomhanna ábhartha áitiúla, Éireannacha, idirnáisiúnta agus/nó domhanda eile, mar is cuí. Le linn a staidéir ar **Shnáithe 1**, tiocfaidh na scoláirí ar an smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíocha ón Snáithe Aontaitheach, agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ar bhealach comhtháite. I **Snáithe 1**, forbraíonn na scoláirí a gcuid eolais ar phróisis na gníomhaíochta teicteonáil agus cuirfidh siad luach ar thorthaí tairbheacha agus diúltacha féideartha na nguaiseacha nádúrtha. Measúnaíonn siad éifeachtacht straitéisí bainistíochta maidir le hullmhú agus freagairt ar chreathanna talún. Chomh maith leis sin, cuireann an snáithe seo deis ar fáil do na scoláirí smaoineamh ar thimthriall na gcarraigeacha. Scrúdóidh na scoláirí próisis dromchla agus iad ag forbairt a bhfeasachta ar thimpeallachtaí abhann, cósta agus oighir, ar thionchair agus ar fhreagairtí bainistithe. Neartóidh siad a dtuiscint ar an aimsir trí staidéar a dhéanamh ar an atmaisféar agus ar thionchar na n-aigéan ar phróisis na haimsire. Fiosróidh siad criosanna aeráide, tionchar na haeráide ar bhithóm na hÉireann, agus déanfaidh siad réimse freagairtí inbhuanaithe ar an athrú aeráide a mheas.

Snáithe 3

An timpeallacht dhomhanda

I **Snáithe 3**, díríonn na scoláirí ar an talmhaíocht agus iascaigh, an turasóireacht, an domhandú, forbairt agus geopholaitíocht. Glacfaidh na scoláirí páirt san fhoghlaim sa snáithe seo trí na suíomhanna a shonraítear sa tábla thíos agus trí shuíomhanna ábhartha áitiúla, náisiúnta, idirnáisiúnta agus/nó domhanda eile, mar is cuí. Le linn a staidéir ar **Shnáithe 3**, tiocfaidh na scoláirí ar na torthaí foghlama atá leagtha amach sa Snáithe Aontaitheach agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ar bhealach comhtháite. I **Snáithe 3**, déanann na scoláirí tábhacht agus athrú staid na talmhaíochta agus iascach in Éirinn a mheas, chomh maith le tionchar bheartais an Aontais Eorpaigh (AE) ar an tionscal talmhaíochta agus an tionscal iascaireachta araon. Déanann sé staidéar ar an turasóireacht in Éirinn agus cuireann sé lena thuiscint ar an ollturasóireacht. Smaoiníonn na scoláirí faoi na tosca a imríonn tionchar ar an domhandú, ceithre shaoirse an Aontais Eorpaigh agus tionchar an domhandaithe ar Corparáid Ilnáisiúnta (CIN) amháin in Éirinn. Pléann siad le cuir chuige agus tomhas na forbartha, agus le cúnamh forbartha agus clár comhoibrithe Rialtas na hÉireann. Fiosraíonn na scoláirí tábhacht na geopholaitíochta agus smaoiníonn ar an ngeopholaitíocht ag obair trí staidéar ar aighneas críche.